

# CÚRSA SAEILZE 5

## Clár – Inhalt

---

<b>Ceacht 1:</b> Cad a raibh tú ag déanamh ... ? Na dathanna – Die Farben	1
<b>Ceacht 2:</b> Briathra Neamhrialta – Unregelmäßige Verben	2
<b>Ceacht 3:</b> Grammatik: ba & b' / ar & arsa / go & go dtí Ein paar Aufforderungen Übersetzungsübungen	9
<b>Ceacht 4:</b> Scéal: Ár n-eachtra i nDún Éideann	11
<b>Ceacht 5:</b> An aimsir – Das Wetter Dialann Áine – Annas Tagebuch	13
<b>Ceacht 6:</b> Copula: Gegenwart und Vergangenheit	16
<b>Ceacht 7:</b> Briathra Rialta I – Regelmäßige Verben I	18
<b>Ceacht 8:</b> Scéal: Céard a bhí sibh ag déanamh? Comhrá: Cad a chosnaíonn sé seo?	23
<b>Ceacht 9:</b> Der bestimmte Artikel und seine Gemeinheiten Steigerung Seanfhocail – Sprichwörter	25
<b>Ceacht 10:</b> Briathra Rialta II – Regelmäßige Verben II	27
<b>Ceacht 11:</b> Comhrá teileafóin – Hotelreservierung Cárta poist – Eine Postkarte	32
<b>Ceacht 12:</b> Tipps zur Genitivbildung Tá ... orm – Was alles 'auf einem' ist	34
<b>Ceacht 13:</b> Litir go dtí ár gcairde Freagair na ceisteanna – Beantworte die Fragen	39

---

Is fearr Saeilze briste  
ná Béarla cliste!

# Ceacht 1

## Cad a raibh tú ag déanamh ...

”Cad a raibh tú ag déanamh oíche Nollaig?” arsa ár múinteoir Gaeilge. Arsa mise:

Bhí muid sa bhaile agus bhí muid ag ithe agus ag ól. Bhí mo mháthair linn. Bhí muid san eaglais le chéile ansin. Chuaigh muid abhaile ina dhiaidh sin. Bhí muid ina chodladh ansin agus ag brionglóid faoi Éirinn!

Sin a bhfuil!

Wir waren zu Hause und aßen und tranken. Meine Mutter war bei uns. Dann waren wir zusammen in der Kirche. Anschließend gingen wir nach Hause. Dann lagen wir im Schlaf und träumten von Irland.

Das war's.

Bhí mé <b>ar</b> scoil inné.	... in der Schule
Bhí mé <b>sa</b> phub inné.	... in den Pub
Bhí mé <b>san</b> ollscoil inné.	... in der Uni
Bhí mé <b>i</b> Sasana inné.	... in England
Bhí mé <b>i</b> gGaillimh inné.	... in Galway
Bhí mé <b>in</b> Éirinn inné.	... in Irland
Bhí mé <b>sa</b> bhaile inné.	... zu Hause
Chuaigh mé <b>abhaile</b> inné.	... nach Hause

## An dath [da], na dathanna [dabena] – Die Farbe, die Farben

blau	gorm [gorəm]	rot	dearg [därəg]
braun	donn [don]	rotbraun, rothaarig	rua [ruə]
gelb	buí [bʰi]	pink	bán dearg [bàn därəg]
grau	liath	schwarz	dubh [dʰw]
grün	uaine [wé'nə] (Dinge) glas [glas] (Natur)	weiß	bán [bàn]
orange	oráiste [oraschte]		

**Frage:** Cén dath atá ar ... – Welche Farbe ist auf ...  
**Antwort:** Tá dath ... ar ... – die Farbe ... ist auf ...

### Beispiel:

**Frage:** Cén dath atá ar an leabhar? – Welche Farbe hat das Buch?  
**Antwort:** Tá dath uaine ar an leabhar. – Das Buch hat die Farbe grün.  
Tá uaine ar an leabhar. – Das Buch hat die Farbe grün.

## Ceacht 2

### Briathra Neamhrialta [*briochbra njafríolta*] – Unregel. Verben

g = Grund-/Befehlsform vn = Verbalnomen/ Inf.	Zeit	Frage	Pos. Aussage (Ich-Form ggf. in Klammer)	Neg. Aussage
<b>bekommen (to get)</b> faigh [ <i>faj</i> ] (g) fáil [ <i>fál</i> ] (vn)	V	An bhfuair [ <i>wuér</i> ]	Fuair [ <i>fueir</i> ]	Ní bhfuair [ <i>wuè</i> ]
	G	An bhfaigheann [ <i>wajən</i> ]	Faigheann (faighim) [ <i>fajən</i> ]	Ní fhaigheann [ <i>ajən</i> ]
	Z	An bhfaighidh [ <i>wauí</i> ]	Gheobhaidh [ <i>jauí</i> ]	Ní bhfaighidh [ <i>wauí</i> ]
<b>gehen</b> téigh [ <i>teej</i> ] (g) dul [ <i>dul</i> ] (vn)	V	An ndeachaigh [ <i>njacha</i> ]	Chuaigh [ <i>chua</i> ]	Ní dheachaigh [ <i>jacha</i> ]
	G	An dtéann [ <i>djeən</i> ]	Téann (téim) [ <i>tjeən</i> ]	Ní théann [ <i>beeən</i> ]
	Z	An rachaidh [ <i>rachi</i> ]	Rachaidh [ <i>rachi</i> ]	Ní rachaidh [ <i>rachi</i> ]
<b>sagen</b> abair [ <i>abbá</i> ] (g) rá [ <i>râ</i> ] (vn)	V	An ndúirt [ <i>nuúrtí</i> ]	Dúirt [ <i>duúrtí</i> ]	Ní dúirt [ <i>duúrtí</i> ]
	G	An ndeireann [ <i>nieereən</i> ]	Deir (deirim) [ <i>déer</i> ]	Ní Deir [ <i>déer</i> ]
	Z	An ndéarfaidh [ <i>njerfí</i> ]	Déarfaidh [ <i>djerfí</i> ]	Ní déarfaidh [ <i>djerfí</i> ]
<b>sehen</b> feic [ <i>fek</i> ] (g) feiceáil (vn)	V	An bhfaca [ <i>wacka</i> ]	Chonaic [ <i>chonik</i> ]	Ní fhaca [ <i>acka</i> ]
	G	An bhfeiceann [ <i>wekbən</i> ]	Feiceann (feicim) [ <i>fekbən</i> ]	Ní fheiceann [ <i>ekbən</i> ]
	Z	An bhfeicfidh [ <i>wekfí</i> ]	Feicfidh [ <i>fekfí</i> ]	Ní fheicfidh [ <i>ekfí</i> ]
<b>sein</b> bí (g) bíonn (vn)	V	An raibh [ <i>rau</i> ]	Bhí [ <i>wii</i> ]	Ní raibh [ <i>rau</i> ]
	G	An bhfuil [ <i>wil</i> ]	Tá / Bíonn (bím) [ <i>tá / biən</i> ]	Níl / Ní bhíonn [ <i>niil / viən</i> ]
	Z	An mbeidh [ <i>mai</i> ]	Beidh [ <i>bai</i> ]	Ní bheidh [ <i>wai</i> ]
<b>tun, machen</b> déan [ <i>dem</i> ] (g) déanamh [ <i>djenəw</i> ] (vn)	V	An ndearna [ <i>járnə</i> ]	Rinne [ <i>rinjə</i> ]	Ní dhearna [ <i>árnə</i> ]
	G	An ndéanann [ <i>njenən</i> ]	Déanann (déanaim) [ <i>djenən</i> ]	Ní dhéanann [ <i>jenən</i> ]
	Z	An ndéanfaidh [ <i>njenfí</i> ]	Déanfaidh [ <i>djenfí</i> ]	Ní dhéanfaidh [ <i>jenfí</i> ]

Fortsetzung nächste Seite

g = Grund-/Befehlsform vn = Verbalnomen/ Inf.	Zeit	Frage	Pos. Aussage (Ich-Form ggf. in Klammer)	Neg. Aussage
<b>essen</b> ith [i:] (g) ithe [ichə] (vn)	V	Ar ith [i:]	D'ith [di:]	Níor ith [i:]
	G	An itheann [ihən]	Itheann (ithim) [ihən]	Ní itheann [ihən]
	Z	An íosfaidh [isfi]	Íosfaidh [isfi]	Ní íosfaidh [isfi]
<b>fangen, ergreifen</b> beir [berd] (g) breith (vn)	V	Ar rug [ruk]	Rug [ruk]	Níor rug [ruk]
	G	An mbeireann [merrən]	Beireann (beirim) [berrən]	Ní bheireann [verrən]
	Z	An mbéarfaidh [merfi]	Béarfaidh [berfi]	Ní bhéarfaidh [werfi]
<b>geben, bringen</b> tabhair [tuar] (g) tabhairt [too'rt] (vn)	V	Ar thug [buk]	Thug [buk]	Níor thug [buk]
	G	An dtugann [dugann]	Tugann (tugaim) [tugann]	Ní thugann [bugan]
	Z	An dtabharfaid [norfi]	Tabharfaidh [torfi]	Ní thabharfaidh [borfi]
<b>hören</b> clois [klo'sch] (g) cloisteáil [kloschtáil] (vn)	V	Ar chuala [chuələ]	Chuala [chuələ]	Níor chuala [chuələ]
	G	An gcloiseann [gloschən]	Cloiseann (cloisim) [kloschən]	Ní chloiseann [chloschən]
	Z	An gcloisfidh [gloschfi]	Cloisfidh [kloschfi]	Ní chloisfidh [chloschfi]
<b>kommen</b> tar [tar] (g) teacht [tacht] (vn)	V	Ar tháinig [hänig]	Tháinig [hänig]	Níor tháinig [hänig]
	G	An dtagann [dagan]	Tagann (tagaim) [tagan]	Ní thagann [hagan]
	Z	An dtiocfaidh [djokfi]	Tiocfaidh [tjokfi]	Ní thiocfaidh [jokfi]

### Erläuterungen:

- Die Grundform ist identisch mit der Befehlsform:

Tar isteach! – Komm rein!

- Der Infinitiv ist mit dem Verbalnomen (“Tätigkeitshauptwort”, “Verbal Noun”) identisch. Nach dem Partikel “a” wird allerdings leniert:

Tá mé ag teacht. – Ich bin beim Kommen. (I'm coming)

Tá mé in ann a theacht. – Ich bin in der Lage zu kommen.

gan teacht – ohne zu kommen

a bhíonn – zu sein

**Scéal 1: Aimsir Chaite – Vergangenheit:**

An Chéadaoin seo caite bhí sé tirim. Chuaigh Máire amach ag siúl. Tháinig sí abhaile ar a cúig a chlog. Fuair sí a mála scoile agus rinne sí a hobair bhaile. Chonaic sí a deartháir ag léamh leabhair. Chuala sí a máthair ag canadh. Thug a máthair úll di. Dúirt sí, “Go raibh maith agat!” agus d’ith sí é. Rug sí ar pháipéar grinn ansin agus chuaigh sí go dtí a seomra codlata.

Letzten Mittwoch war es trocken. Máire ging hinaus zum Rumlaufen. Sie kam um fünf Uhr nach Hause. Sie nahm ihre Schultasche und machte ihre Hausarbeit. Sie sah ihren Bruder ein Buch lesen. Sie hörte ihre Mutter reden. Ihre Mutter gab ihr einen Apfel. Sie sagte: “Dank dir!” und aß ihn. Sie ergriff ihr Comic-Heft (*Spaß-Zeitung*) und sie ging ins Schlafzimmer.

**Scéal 1: Aimsir Láithreach – Gegenwart:**

Gach Céadaoin bíonn sé tirim. Téann Máire amach ag siúl. Tagann sí abhaile ar a cúig a chlog. Faigheann sí a mála scoile agus déanann sí a hobair bhaile. Feiceann sí a deartháir ag léamh leabhair. Cloiseann sí a máthair ag canadh. Tugann a máthair úll di. Deir sí, “Go raibh maith agat!” agus itheann sí é. Beireann sí ar pháipéar grinn ansin agus téann sí go dtí a seomra codlata.

Jeden Mittwoch ist es trocken. Máire geht hinaus zum Rumlaufen. Sie kommt um fünf Uhr nach Hause. Sie nimmt ihre Schultasche und macht ihre Hausarbeit. Sie sieht ihren Bruder ein Buch lesen. Sie hört ihre Mutter reden. Ihre Mutter gibt ihr einen Apfel. Sie sagt: “Dank dir!” und isst ihn. Sie ergreift ihr Comic-Heft (*Spaß-Zeitung*) und sie geht ins Schlafzimmer.

**Scéal 1: Aimsir Fháistineach – Zukunft:**

An Chéadaoin seo chugainn beidh sé tirim. Rachaidh Máire amach ag siúl. Tiofaidh sí abhaile ar a cúig a chlog. Gheobhaidh sí a mála scoile agus déanfadh sí a hobair bhaile. Feicfidh sí a deartháir ag léamh leabhair. Cloisfidh sí a máthair ag canadh. Tabharfaidh a máthair úll di. Déarfadh sí, “Go raibh maith agat!” agus íosfadh sí é. Béarfadh sí ar pháipéar grinn ansin agus rachaidh sí go dtí a seomra codlata.

Nächsten Mittwoch wird es trocken sein. Máire wird hinausgehen zum Rumlaufen. Sie wird um fünf Uhr nach Hause kommen. Sie wird ihre Schultasche nehmen und ihre Hausarbeit machen. Sie wird ihren Bruder ein Buch lesen sehen. Sie wird ihre Mutter reden hören. Ihre Mutter wird ihr einen Apfel geben. Sie wird sagen: “Dank dir!” und ihn essen. Sie wird ihr Comic-Heft (*Spaß-Zeitung*) ergreifen und sie wird ins Schlafzimmer gehen.

**Na focla nua (Scéal 1/2):**

greann ♂ [ <i>gchran</i> ]	Spaß
páipéar grinn	Comic-Heft (Spaßzeitung)
seomra codlata [ <i>kolata</i> ]	Schlafzimmer
iománaíocht ♀ [ <i>imonnjocht</i> ]	Hurling
camán ♂ [ <i>chamán</i> ]	Hurlingstock
tosú ♂ [ <i>tosuu</i> ]	Beginn
ag béiceadh [ <i>beeku</i> ]	beim Schreien
Fanaigi! [ <i>fannigi</i> ]	wartet!
cúl	Tor (Fußballtor &c.)

**Scéal 2: Aimsir Chaite – Vergangenheit:**

An Aoine seo caite tar eis na scoile bhí Liam agus a chairde ag iománaíocht sa pháirc. Chuaigh Ciarán síos an bóthar ar a rothar. Tar éis tamaill tháinig sé ar ais. Chonaic sé a chairde ag iománaíocht agus chuala sé iad ag béiceadh. Dúirt sé leo, “Fanaigí nóiméad!” Chuaigh Ciarán abhaile agus fuair sé a chamán. Thug a mháthair úll dó agus d’íth sé é go tapa. Chuaigh Ciarán go dtí an pháirc. Rug sé ar dhá mhála scoile ansin agus rinne sé cúl. Rinne Liam cúl eile. Bhí cluiche deas acu ansin.

Letzten Freitag nach der Schule waren Liam und seine Freunde beim Hurlingspiel im Park. Ciarán fuhr auf seinem Fahrrad die Straße hinunter. Nach einiger Zeit kam er zurück. Er sah seine Freunde beim Hurlingspiel und er hörte sie schreien. Er sagte zu ihnen: “Wartet einen Moment!” Ciarán fuhr nach Hause und er holte seinen Hurlingstock. Seine Mutter gab ihm einen Apfel und er aß ihn schnell. Ciarán ging in den Park. Er ergriff dort zwei Schultaschen und machte (*ta*) ein Tor. Liam machte ein anderes. Sie hatten dann ein netten Spiel.

**Scéal 2: Aimsir Láithreach – Gegenwart:**

Gach Aoine tar eis na scoile bíonn Liam agus a chairde ag iománaíocht sa pháirc. Téann Ciarán síos an bóthar ar a rothar. Tar éis tamaill tagann sé ar ais. Feiceann sé a chairde ag iománaíocht agus cloiseann sé iad ag béiceadh. Deir sé leo, “Fanaigí nóiméad!” Téann Ciarán abhaile agus faigheann sé a chamán. Tugann a mháthair úll dó agus itheann sé é go tapa. Téann Ciarán go dtí an pháirc. Beireann sé ar dhá mhála scoile ansin agus déanann sé cúl. Déanann Liam cúl eile. Bíonn cluiche deas acu anois.

Jeden Freitag nach der Schule sind Liam und seine Freunde beim Hurlingspiel im Park. Ciarán fährt auf seinem Fahrrad die Straße hinunter. Nach einiger Zeit kommt er zurück. Er sieht seine Freunde beim Hurlingspiel und er hört sie schreien. Er sagt zu ihnen: “Wartet einen Moment!” Ciarán fährt nach Hause und er holt seinen Hurlingstock. Seine Mutter gibt ihm einen Apfel und er isst ihn schnell. Ciarán geht in den Park. Er ergreift dort zwei Schultaschen und macht ein Tor. Liam macht ein anderes. Sie haben nun ein nettes Spiel.

**Scéal 2: Aimsir Fháistineach – Zukunft:**

An Aoine seo chugainn tar eis na scoile beidh Liam agus a chairde ag iománaíocht sa pháirc. Rachaidh Ciarán síos an bóthar ar a rothar. Tar éis tamaill tiocfaidh sé ar ais. Feicfidh sé a chairde ag iománaíocht agus cloisfidh sé iad ag béiceadh. Déarfaidh sé leo, “Fanaigí nóiméad!” Rachaidh Ciarán abhaile agus gheobhaidh sé a chamán. Tabharfaidh a mháthair úll dó agus íosfaidh sé é go tapa. Rachaidh Ciarán go dtí an pháirc. Béarfaidh sé ar dhá mhála scoile ansin agus déanfaidh sé cúl. Déanfaidh Liam cúl eile. Beidh cluiche deas acu ansin.

Nächsten Freitag nach der Schule werden Liam und seine Freunde beim Hurlingspiel im Park sein. Ciarán wird auf seinem Fahrrad die Straße hinunter fahren. Nach einiger Zeit wird er zurückkommen. Er wird seine Freunde Hurlingspielen sehen und er wird sie schreien hören. Er wird zu ihnen sagen: “Wartet einen Moment!” Ciarán wird nach Hause fahren und er wird seinen Hurlingstock holen. Seine Mutter wird ihm einen Apfel geben und er wird ihn schnell essen. Ciarán wird in den Park gehen. Er wird dort zwei Schultaschen ergreifen und er wird ein Tor machen. Liam wird eine anderes machen. Sie werden dann ein nettes Spiel haben.

**Scéal 3: Aimsir Chaite – Vergangenheit:**

An Luan seo caite bhí sé ag cur sneachta. Rug Máire ar a cóta, chuaigh sí amach, fuair sí a lán sneachta agus rinne sí fear sneachta. Chonaic Liam an fear sneachta agus thánaig sé amach. Chuala Daidí na páistí ag béiceadh. Thug sé a scaif do Liam agus i gceann nóiméid bhí an scaif ar an bhfear sneachta. Dúirt siad, “Nach bhfuil sé go hálainn!” Chuaigh siad isteach agus d’íth siad a ndinnéar.

Letzten Montag schneite es. Máire schnappte sich ihren Mantel, sie ging hinaus, sie nahm eine Menge Schnee und sie machte einen Schneemann. Liam sah den Schneemann und er kam heraus. Daddy hörte die Kinder schreien. Er gab Liam seinen Schal und in einer Minute war der Schal am Schneemann. Sie sagten: “Ist er nicht schön!” Sie ging hinein und sie aßen ihr Dinner.

**Scéal 3: Aimsir Láithreach – Gegenwart:**

Gach Luan bíonn sé ag cur sneachta. Beireann Máire ar a cóta, téann sí amach, faigheann sí a lán sneachta agus déanann sí fear sneachta. Feiceann Liam an fear sneachta agus tagann sé amach. Cloiseann Daidí na páistí ag béiceadh. Tugann sé a scaif do Liam agus i gceann nóiméid bíonn an scaif ar an bhfear sneachta. Deir siad, “Nach bhfuil sé go hálainn!” Téann siad isteach agus itheann siad a ndinnéar.

Jeden Montag schneit es. Máire schnappt sich ihren Mantel, sie geht hinaus, sie nimmt eine Menge Schnee und sie macht einen Schneemann. Liam sieht den Schneemann und er kommt heraus. Daddy hört die Kinder schreien. Er gibt Liam seinen Schal und in einer Minute ist der Schal am Schneemann. Sie sagen: “Ist er nicht schön!” Sie gehen hinein und sie essen das Dinner.

**Scéal 3: Aimsir Fháistineach – Zukunft:**

An Luan seo chugainn beidh sé ag cur sneachta. Béarfaidh Máire ar a cóta, rachaidh sí amach, gheobhaidh sí a lán sneachta agus déanfaidh sí fear sneachta. Feicfidh Liam an fear sneachta agus tiocfaidh sé amach. Cloisfidh Daidí na páistí ag béiceadh. tabharfaidh sé a scaif do Liam agus i gceann nóiméid beidh an scaif ar an bhfear sneachta. Déarfaidh siad, “Nach bhfuil sé go hálainn!” Rachaidh siad isteach agus íosfaidh siad a ndinnéar.

Am nächsten Montag wird es schneien. Máire wird sich ihren Mantel schnappen, sie wird hinaus gehen, sie wird eine Menge Schnee nehmen und sie wird einen Schneemann machen. Liam wird den Schneemann sehen und er wird herauskommen. Daddy wird die Kinder schreien hören. Er wird Liam seinen Schal geben und in einer Minute wird der Schal am Schneemann sein. Sie werden sagen: “Ist er nicht schön!” Sie werden hineingehen und sie werden das Dinner essen.

**Na focla nua (Scéal 3):**

scaif ǫ [skaaf]

Schal (für den Hals)

**Scéal 4: Aimsir Chaite – Vergangenheit:**

An t-samhradh seo caite bhí an aimsir go deas. Chuaigh a lán daoine go dtí an trá. Chonaic na páistí bláthanna ag fás agus chuala siad na héin ag canadh. Rinne na héin a neadacha agus rug siad uibheacha. D’ith na páistí uachtar reoite. Thug siad cabhair do Mhamaí agus do Dhaidí sa ghairdín. Thug a lán daoine abhaile ar cuairt. Bhí áthas ar na páistí mar fuair siad laethanta saoire fada. Dúirt siad, “Buíochas le Dia as an samhradh!”

Letzten Sommer war das Wetter nett. Eine Menge Leute ging an den Strand. Die Kinder sahen Blumen wachsen und sie hörten die Vögel singen. Die Vögel machten ihre Nester und sie legten Eier. Die Kinder aßen Eiscreme. Die Kinder gaben Daddy und Mami Hilfe im Garten. Eine große Menge Leute kam nach Hause auf Besuch. Die Kinder freuten sich, weil sie Große Ferien bekamen. Sie sagten: “Gott sei Dank für den Sommer!”

**Scéal 4: Aimsir Láithreach – Gegenwart:**

Gach samhradh bíonn an aimsir go deas. Téann a lán daoine go dtí an trá. Feiceann na páistí bláthanna ag fás agus cloiseann siad na héin ag canadh. Déanann na héin a neadacha agus beireann siad uibheacha. Itheann na páistí uachtar reoite. Tugann siad cabhair do Mhamaí agus do Dhaidí sa ghairdín. Tagann a lán daoine abhaile ar cuairt. Bíonn áthas ar na páistí mar faigheann siad laethanta saoire fada. Deir siad, “Buíochas le Dia as an samhradh!”

Jeden Sommer ist das Wetter nett. Eine Menge Leute geht an den Strand. Die Kinder sehen Blumen wachsen und sie hören die Vögel singen. Die Vögel machen ihre Nester und sie legen Eier. Die Kinder essen Eiscreme. Die Kinder geben Daddy und Mami Hilfe im Garten. Eine große Menge Leute kommt nach Hause auf Besuch. Die Kinder freuen sich, weil sie Große Ferien bekommen. Sie sagen: “Gott sei Dank für den Sommer!”

**Scéal 4: Aimsir Fháistineach – Zukunft:**

An t-samhradh seo chugainn beidh an aimsir go deas. Rachaidh a lán daoine go dtí an trá. Feicfidh na páistí bláthanna ag fás agus cloisfidh siad na héin ag canadh. Déanfaidh na héin a neadacha agus beirfaidh siad uibheacha. Íosfaidh na páistí uachtar reoite. Tabharfaidh siad cabhair do Mhamaí agus do Dhaidí sa ghairdín. Tiocfaidh a lán daoine abhaile ar cuairt. Beidh áthas ar na páistí mar gheobhaidh siad laethanta saoire fada. Deirfaidh siad, “Buíochas le Dia as an samhradh!”

Nächsten Sommer wird das Wetter nett sein. Eine Menge Leute wird an den Strand gehen. Die Kinder werden Blumen wachsen sehen und sie werden die Vögel singen hören. Die Vögel werden ihre Nester machen und sie werden Eier legen. Die Kinder werden Eiscreme essen. Die Kinder werden Daddy und Mami Hilfe im Garten geben. Eine große Menge Leute wird nach Hause auf Besuch kommen. Die Kinder werden sich freuen, weil sie Große Ferien bekommen. Sie werden sagen: “Gott sei Dank für den Sommer!”

**Na focla nua (Scéal 4):**

Tugann [...] cabhair <i>[kav’r]</i> do	helfen (Hilfe geben zu)
Tagann [...] ar cuairt	besuchen (kommen auf Besuch)



**Scéal 5: Aimsir Chaite – Vergangenheit:**

Inné bhí sé ag stealladh báistí. Chuaigh Liam amach go dtí an pháirc ach tháinig sé ar ais go tapa. Rug sé ar a bhuataisí. Fuair sé a chóta báistí freisin agus thug Mamaí scáth fearhainne dó. Dúirt sé, “Go raibh maith agat!” agus chuaigh sé amach arís. Chonaic sé locháin sa chlós agus ansin chuala sé toirneach. Rinne Máire ciste agus um thráthnóna d’ith Liam píosa de.

Gestern regnete es in Strömen. Liam ging hinaus in den Park, aber er kam schnell zurück. Er schnappte sich seine Stulpenstiefel. Er nahm seinen Regenmantel und Mami gab ihm einen Regenschirm. Er sagte: “Danke!”, und ging wieder hinaus. Er sah Pfützen auf dem Hof und er hörte dann Donner. Máire machte einen Kuchen und Liam aß gegen Abend ein Stück davon.

**Scéal 5: Aimsir Láithreach – Gegenwart:**

Inniu bíonn sé ag stealladh báistí. Téann Liam amach go dtí an pháirc ach tagann sé ar ais go tapa. Beireann sé ar a bhuataisí. Faigheann sé a chóta báistí freisin agus tugann Mamaí scáth fearhainne dó. Deir sé, “Go raibh maith agat!” agus téann sé amach arís. Feiceann sé locháin sa chlós agus ansin cloiseann sé toirneach. Déanann Máire ciste agus um thráthnóna itheann Liam píosa de.

Heute ist regnet es in Strömen. Liam geht hinaus in den Park, aber er kommt schnell zurück. Er schnappt sich seine Stulpenstiefel. Er nimmt seinen Regenmantel und Mami gibt ihm einen Regenschirm. Er sagt: “Danke!”, und geht wieder hinaus. Er sieht Pfützen auf dem Hof und er hört dann Donner. Máire macht einen Kuchen und Liam isst gegen Abend ein Stück davon.

**Scéal 5: Aimsir Fháistineach – Zukunft:**

Amárach beidh sé ag stealladh báistí. Rachaidh Liam amach go dtí an pháirc ach tiocfaidh sé ar ais go tapa. Beireann sé ar a bhuataisí. Gheobhaidh sé a chóta báistí freisin agus tabharfaidh Mamaí scáth fearhainne dó. Déarfaidh sé, “Go raibh maith agat!” agus rachaidh sé amach arís. Feicfidh sé locháin sa chlós agus ansin cloisfidh sé toirneach. Déanfaidh Máire ciste agus um thráthnóna íosfaidh Liam píosa de.

Morgen wird es in Strömen regnen sein. Liam wird in den Park hinausgehen, aber er wird schnell zurückkommen. Er wird sich seine Stulpenstiefel schnappen. Er wird seinen Regenmantel nehmen und Mami wird ihm einen Regenschirm geben. Er wird “Danke!” sagen und wieder hinausgehen. Er wird Pfützen auf dem Hof sehen und er wird dann Donner hören. Máire wird einen Kuchen machen und Liam wird gegen Abend ein Stück davon essen.

**Na focla nua (Scéal 5):**

ag stealladh [stalʲə]	ergießen
ag stealladh báistí	in Strömen Regnen
buaitsí ♀ [bʲuatsʲ]	Stulpenstiefel
scáth ♂ [ská]	Schatten, Schutz, Schirm
fearhainn ♀ [fʲarhɐn]	Regen, Regenfall
scáth fearhainne	Regenschirm
locháin	Pfütze (kleines Lough)
toirneach ♀ [toornach]	Donner

## Ceacht 3

### Ba & B'...

ba wird üblicherweise zu b'... vor:

- Vokalen Beispiel: b'iad (statt ba iad)
- fh Beispiel: b'fhearr (statt ba fhearr)

### ”sagen” bei wörtlicher Rede: ar & arsa

arsa ... mise, tusa, muide, sibhse, siadsan, Personennamen  
ar ... seisean, sise

### Verwendung von “go” und “go dtí” (dt.: nach)

”go dtí” vor allem:

- vor Substantiv mit bestimmten Artikel
- vor “sehr bestimmten” Substantiven (mé, Seán, An Ghearmáin)

”go” alleine vor

- Ortsbezeichnungen ohne bestimmten Artikel (go Meiriceá, go hAlbain &c.)

### Einige Aufforderungen:

Dún an doras!	Schließ die Tür!
Oscail an doras!	Öffne die Tür!
Tar isteach!	Komm rein!
Tar amach!	Komm raus!
Suí [ʃi] sios!	Setz dich!
Suígí [ʃigi] sios!	Setzt euch!
Dúnaigí [duunigi] suas!	Shut up! Mund halten!
Abair é!	Sag es!

### Ein paar Übersetzungsübungen:

Ich kam um neun Uhr nach Hause.	Tháinig mé abhaile ar a naoi a chlog.
Sie kommen jeden Tag um vier Uhr nach Hause.	Gach lá tagann siad abhaile ar a cheathair a chlog.
Sie nehmen den Tee mit ihren Eltern ein.	Itheann siad an tae lena thuismitheoirí.

Ich habe gestern Cornflakes, Toast und Milch zum Frühstück gehabt.

D'ith mé calóga arbhair, tósta agus bainne le bricfeasta inné.

Ich werde mir das Gleiche (die gleiche Sache) nehmen.

Béarfaidh mé an rud céanna.

### Na focla nua:

tuismitheoir [*tischmíhoor*]

parent (Elternteil)

calóg ♀ [*kaloog*]

Flocke

arbhar ♂ [*arveer*]

Mais

an rud céanna

das Gleiche

## Ceacht 4

### Ár n-eachtra i nDún Éideann

Bhí mise agus Hildegard i nDún Éideann an tseachtain seo caite. Tá an chathair cnocach. Tá trí chnoc i nDún Éideann – Cnoc Calton (Calton Hill), Cnoc an Chaisleáin (Castle Hill) agus Suíochán Artúr (Arthur’s Seat). Ní raibh an aimsir go dona. Bhí sé tirim agus bhí an ghrian le feiceáil sa spéir anois agus arís.

”Ba mhaith liom dul go Caisleán Dún Éideainn,” arsa Hildegard. “Chuala mé go raibh Máire, Bhanríon na hAlban ansin fadó fadó.” “Mhuise,” arsa mise. “Saolaíodh mac di ansin i 1566. Séamas ab ainm dó. Rinneadh Rí na hAlban agus Rí Shasana de ina dhiaidh sin. Ach níor thaitin an caisleán sin le Máire Banríon, b’fhearr léi Holyrood Palace. Is caisleán eile i nDún Éideann é.”

Bhí muid ag tabhairt cuairt ar Caisleán Dún Éideainn. Bhí sé suntasach agus bhí a lán daoine ansin. Bhí an teach tábhairne ann freisin agus d’ól muid fuisce. Isteach linn sa chaisleán ansin. Tháinig muid ar dhoras. D’oscail muid an doras agus bhí bean álainn sa seomra beag. “Dia duit, a bhean álainn,” arsa mise, “cé tusa?” “Nach bhfaca tú gur mise Máire, Banríon na hAlban, a amadán?” ar sise. “Tá mé ag cuardach mo mhic.” Mhuise, ba í taibhse an caisleáin í! “Ádh mhór ort, a Mháire” arsa muide. D’imigh muid go sciobtha agus bhí gloine fuisce eile againn.

Bhí muid ag tabhairt cuairt ar Holyrood Castle ina dhiaidh sin, ach ní raibh aon taibhse ansin.

Sin é mo scéal – chreid nó ná chreid é, ach ól mo shláinte!

### Na focla nua

eachtra [achtra]	– adventure
Dún Éideann	– Edinburgh
cathair [kabər]	– city
suíochán [schiúchán]	– seat

Hildegard und ich waren letzte Woche in Edinburgh. Die Stadt ist hügelig. Es gibt drei Berge in Edinburgh – der Calton Hill, der Burgberg und Arthurs Sitz. Das Wetter war nicht schlecht. Es war trocken, und dann und wann war die Sonne am Himmel zu sehen.

”Ich möchte nach Edinburgh Castle gehen”, sagte Hildegard. “Ich habe gehört, dass Maria, die Königin von Schottland, vor langer, langer Zeit dort war. “In der Tat”, sagte ich. “1566 wurde ihr dort ein Sohn geboren. Er hieß Jakob. Er wurde später König von Schottland und König von England. Königin Maria mochte jedoch die Burg nicht, sie zog Holyrood Palace vor. Dies ist eine andere Burg in Edinburgh.”

Wir besuchten Edinburgh Castle. Es ist eindrucksvoll und es war eine Menge Leute da. Es gab dort auch eine Kneipe und wir tranken Whiskey. Dann hinein mit uns in die Burg. Wir kamen an eine Tür. Wir öffneten die Tür und in dem kleinen Zimmer war eine schöne Frau. “Grüß Gott, schöne Frau”, sagte ich. “Wer bist du?” “Hast du nicht gesehen, dass ich Maria, die Königin von Schottland bin, du Narr?” fragte sie. “Ich suche meinen Sohn.” In der Tat, sie war der Burggeist! “Viel Glück, Maria”, sagten wir. Wir gingen schnell raus und genehmigten uns noch ein Glas Whiskey.

Anschließend besuchten wir Holyrood Castle, aber dort war kein Geist.

Das war meine Geschichte – Glaub’ sie oder glaub’ sie nicht, aber trink auf meine Gesundheit!

cnocach [ <i>knokach</i> ]	– hilly
banríon [ <i>banriin</i> ]	– queen
Máire Banríon na hAlban	– Mary Queen of Scotland (Mary Stuart)
saolaíodh [ <i>silij</i> ] mac di	– she gave birth to a son (was born a son to her)
Séamas	– James VI of Scotland, later on also James I of England
Rinneadh ... de	– he became (he was made ... of)
rí [ <i>rii</i> ]	– king
suntasach [ <i>sonrach</i> ]	– impressive
amadán [ <i>amadán</i> ]	– fool
ag cuardach [ <i>curadach</i> ]	– searching
taibhse [ <i>taibschə</i> ]	– ghost
go sciobtha [ <i>schkjipa</i> ]	– quickly
creid [ <i>kjreed</i> ]	– believe

## Ceacht 5

### An aimsir – Das Wetter

sa spéir	am Himmel	laethanta	Tage
an spéir ♀ [speer]	der Himmel	lá breá [brá] gréine	ein netter, sonniger Tag
scamall ♂	Wolke	lá fuar [fuar]	ein kalter Tag
scamaill [skammeul]	Wolken	lá fliuch [floch]	ein nasser Tag
néalta [njeelta]	Wolken	lá ceathach [kjächach]	ein Schauer tag
an ghrian ♀ [chriam]	die Sonne	lá scamallach [skammalach]	ein wolkiger Tag
an ghealach ♀ [hálach]	der Mond	lá ceoch [kjoch]	ein nebliger Tag
an réalta ♀ [reelta]	der Stern	lá gaofar [guifor]	ein windiger Tag
na réaltaí ♀ [reelti]	die Sterne	lá stoirmiúil [störmjə]	ein stürmischerer Tag
drochaimsir	schlechtes Wetter	sneachta [schnachta]	Schnee
báisteach ♀ [báschtach]	Regen	clocha sneachta	Hagel (Schneesteine)
fearthainn ♀ [fjarbain]	Regenfall	calóga sneachta	Schneeflocken
ceobhrán ♂ [kjoovrán]	Nieselregen (drizzel)	flichshneachta ♂ [flichnáchta]	Schneeregen
fuacht ♂ [fuacht]	Kälte	titim mhór sneachta	starker Schneefall ( <i>groß fallender Schnee</i> )
tintreach ♀ [tjintrach]	Blitze	ag cur sneachta	beim Schneien
toirneach ♀ [tornjach]	Donner	sioc ♂ [schak]	Frost
stoirm ♀ [storjam]	Sturm	ag cur seaca	beim Frieren ( <i>beim Setzen Frost</i> )

## Dialann Áine

### 1 Feabhra

Thosaigh sé ag cur sneachta aréir – clocha sneachta ar dtús agus ansin calóga sneachta. Ar maidin bhí gach áit faoi bhrat sneachta.

D’fhéach mé amach an fhuinneog; bhí cúpla carr ag gluaiseacht go mall suas an bóthar. D’fhág siad rian domhain sa sneachta.

Bhí sé an-fhuar: faoi bhun an reophointe a dúirt fear na haimsire ar an raidió. Ní raibh aon scoil againn. Chuaigh mé amach ag caitheamh liathróidí sneachta, agus bhí an-lá spóirt againn. Bhíomar ag sleamhnú síos an cnoc.

Ní raibh Mamaí róshásta, mar ní raibh mórán bia

### 1. Februar

Gestern Abend begann es zu schneien. Am Anfang Hagel und dann Schneeflocken. Am Morgen war alles unter einer Schneedecke.

Ich sah aus dem Fenster; ein paar Autos bewegten sich langsam die Straße runter. Sie hinterließen eine tiefe Spur in dem Schnee

Es war sehr kalt: unter dem Gefrierpunkt, sagte der Wettermann im Radio. Wir hatten keine Schule.

Ich ging hinaus Schneebälle werfen, und es war für uns ein großer Sporttag. Wir schlidderten immer den Hügel runter.

Mami war nicht allzu zufrieden, weil nicht viel zu

sa teach, agus bhí eagla uirthi dul amach.

Beidh sé ag cur seaca arís anocht, ach beidh feabhas ar an drochaimsir ag an deireadh seachtaine. Teocht: 0 °C.

## 2 Feabhra

Chuaigh Daidí amach go dtí an siopa sa charr chun arán agus bainne a fháil. Thosaigh an carr ag sciarradh síos an cnoc. Ní raibh sé in ann é a stopadh, agus bhuaíl sé an balla ag bun an bhóthair.

Bhris sé solas amháin – sin an méid, mar bhí sé ag taisteal go mall. Níor ghortaigh éinne. D’fhág sé an carr ann agus dúirt sé liomsa dul go dtí an siopa. Tháinig an ghrian tráthnóna, agus thosaigh an sneachta ag leá. Teocht: 2 °C.

## Na focla nua

tús ♂ ar dtús	Anfang am Anfang
brat ♂ [brat]	Decke
ag gluaiseacht [glusacht]	beim Bewegen (moving)
fág [fäg]	hinterlassen, verlassen (to leave)
rian ♂ [riæn]	Spur, Markierung, Pfad
domhain [daun]	tief
bun ♂ [bun]	Boden, Grund (bottom)
faoi bhun	unter (beneath)
reophointe ♂	Gefrierpunkt
liathróid ♀ [liærood]	Ball
pl. ~i [liæroodschi]	

Essen im Haus war und sie Angst hatte rauszugehen (*war Angst bei ihr gehen hinaus*).

Heute Nacht froh es wieder, aber das schlechte Wetter wird am Wochenende besser werden (*wird sein Verbesserung auf*).

## 2. Februar

Daddy fuhr im Auto zum Laden hinunter um Brot und Milch zu holen. Das Auto begann den Hügel hinunter zu rutschen. Er war nicht in der Lage es zu stoppen, und er traf die Mauer unten an der Straße.

Er zerbrach eine Lampe – das war alles, weil er langsam fuhr. Keiner wurde verletzt. Er verließ das Auto, und er befahl (*sagte*) mir in den Laden zu gehen. Am Nachmittag kam die Sonne, und der Schnee begann zu schmelzen. Temperatur: 2 °C.

ag sleamhnú [schlaunu]	beim Rutschen, Schliddern
feabhas ♂ [ffaus]	Verbesserung
teocht ♀ [tschocht]	Temperatur, Wärme
chun [chun]	um
ag sciarradh [schkirræ]	beim Rutschen
stopadh [stopæ]	vn. von stop, stoppen
balla ♂ [ballæ]	Mauer
bris [brisch]	zerbrechen
solas ♂ [solas]	Lampe
méid ♂ [míeed]	Betrag, Menge, Umfang
sin a méid	das war alles
ghortaigh	wurde verletzt
ag leá [la]	schmelzen

## Freagair na ceisteanna – Beantworte die Fragen

### 1 Feabhra

Conas a bhí an aimsir aréir?  
(*Wie war gestern Abend das Wetter?*)

Bhí sé ag cur sneachta aréir.

Cad a chonaic Áine tríd a fhuinneog ar maidin?  
(*Was sah Áine am Morgen durchs Fenster?*)

Chonaic sí cúpla carr ag gluaiseacht go mall suas an bóthar.

Cén teocht a bhí ann?  
(*Welche Temperatur herrschte?*)

Bhí an teocht 0 °C.

Cén spórt a bhí ag na páistí?  
(*Welchen Sport trieben die Kinder?*)

Bhí siad ag caitheamh liathróidí [*liaroodschi*] agus ag sleamhnú [*schlaumu*] síos an cnoc.

Cén fáth a raibh Mamaí míshásta?  
(*Warum war Mammi unzufrieden?*)

Bhí sí míshásta mar ní raibh mórán bia sa teach.

### 2 Feabhra

Cén fáth a ndeachaigh Daidí amach?  
(*Warum ging Daddy hinaus?*)

Ba mhaith leis arán agus bainne a fháil.

Cad a tharla dó?  
(*Was passierte ihm?*)

Bhuail sé an balla ag bun an bhóthair leis an carr.

Cad a tharla don sneachta tráthnóna?  
(*Was passierte am Abend mit dem Schnee?*)

Thosaigh an sneachta ag leá.

Cé a chuaigh go dtí an siopa ansin?  
(*Wer ging dann in den Laden?*)

Chuaigh Áine go dtí an siopa.

#### Níl a fhios agam

Fuist! Cad a chloisim?

Ruhig! Was höre ich?

Beach nó puch?

Eine Biene oder eine Wespe?

Nó féileacán ag srannadh,

Oder einen Schmetterling brummen,

Nó, b'fhéidir, luch?

Oder vielleicht eine Maus?

Éist! Éist!

Hört! Hört!

An í sin an ghaoth?

Ist es der Wind?

Cad é sin a chloisim ...

Was ist es, das ich höre ...

Bláth a rinne sraoth?

Eine Blüte, die einen Nieser macht?



## Ceacht 6

### Copula: Gegenwart und Vergangenheit

Aimsir Láithreach – Gegenwart		Aimsir Chaite – Vergangenheit	
He is Seán.	Is é Seán é. / Sin é Seán.	He was Seán.	Ba é Seán é.
He is a teacher.	Is múinteoir é.	He was a teacher.	Ba mhúinteoir é.
He is <b>the</b> teacher.	Is é an múinteoir é.	He was <b>the</b> teacher.	Ba é an mhúinteoir é.
Seán is a teacher.	Is múinteoir é Seán.	Seán was a teacher.	Ba mhúinteoir é Seán.
Seán is <b>the</b> teacher.	Is é Seán an múinteoir.	Seán was <b>the</b> teacher.	Ba é Seán an múinteoir.
He isn't Seán.	Ní hé Seán é.	He wasn't Seán.	Níorbh é Seán é.
He isn't a teacher.	Ní múinteoir é.	He wasn't a teacher.	Níor mhúinteoir é.
He isn't <b>the</b> teacher.	Ní hé an múinteoir é.	He wasn't <b>the</b> teacher.	Níorbh é an múinteoir é.
Seán isn't a teacher.	Ní múinteoir é Seán.	Seán wasn't a teacher.	Níor mhúinteoir é Seán.
Seán isn't <b>the</b> teacher.	Ní hé Seán an múinteoir.	Seán wasn't <b>the</b> teacher.	Níorbh é Seán an múinteoir.
Is he Seán?	An é Seán é?	Was he Seán?	Arb é Seán é?
Is he a teacher?	An múinteoir é?	Was he a teacher?	Ar mhúinteoir é?
Is he <b>the</b> teacher?	An é an múinteoir é?	Was he <b>the</b> teacher?	Arb é an múinteoir é?
Is Seán a teacher?	An múinteoir é Seán?	Was Seán a teacher?	Ar mhúinteoir é Seán?
Is Seán <b>the</b> teacher?	An é Seán an múinteoir?	Was Seán <b>the</b> teacher?	Arb é Seán an múinteoir?
Isn't he Seán?	Nach é Seán é?	Wasn't he Seán?	Nár bh é Seán é?
Isn't he a teacher?	Nach múinteoir é?	Wasn't he a teacher?	Nár mhúinteoir é?
Isn't he <b>the</b> teacher?	Nach é an múinteoir?	Wasn't he <b>the</b> teacher?	Nár bh é an múinteoir é?
Isn't Seán a teacher?	Nach múinteoir é Seán?	Wasn't Seán a teacher?	Nár mhúinteoir é Seán?
Isn't Seán <b>the</b> teacher?	Nach é Seán an múinteoir?	Wasn't Seán <b>the</b> teacher?	Nár bh é Seán an múinteoir?

- Folgt ein Vokal oder f+Vokal, so wird Níor → Níorbh, Ar → Arbh und Nár → Nár bh. In der Vergangenheit wird der auf den Copula-Begriff folgende Wort leniert.

#### Reihenfolge:

Unbestimmtes Hauptwort (múinteoir)

vor

persönlichem Fürwort (z. B. mise)

vor

Name (Seán)

vor

bestimmtem Hauptwort (an múinteoir)

## The Taoisigh they are a-changing

### Gegenwart:

Sin é an Taoiseach.

Er ist der Taoiseach.

Is é Beirchread an Taoiseach anois.

Bertie ist nun der Taoiseach.

Is é Beirchread an t-ainm atá ar an Taoiseach anois.

Bertie heißt nun der Taoiseach.

### Vergangenheit:

Ba é an Taoiseach.

Er war der Taoiseach.

Ba é Seán an Taoiseach i 1996.

John war 1996 der Taoiseach.

Seán ab ainm do an Taoiseach i 1996.

John hieß 1996 der Taoiseach.

Seán ab ainm dó.

Er hieß Seán

### Achtung:

Vor »a« wird **ba** → **ab**:

”Tómas mac an tSaoir **ab ainm** do m’athair, agus Peig Ní Bhrosnacháin **ab ainm** do mo mháthair” arsa Peig Sayers.

”Tomas Sayers war der Name meines Vaters, und Peig Brosanan der Name meiner Mutter”, sagte Peig Sayers.

## Ceacht 7

### Briathra Rialta [*briochtra rálta*] – Regelmäßige Verben, Typ 1

Deutsch	Grundform Inf./Verbalnomen	Zeit	Frage	Pos. Aussage	Neg. Aussage
brechen	bris (g)	V	Ar <b>bhris</b> [vrɪsch]	<b>Bhris</b> [vrɪsch]	Níor <b>bhris</b> [vrɪsch]
	briseadh (vn)	G	An <b>mbriseann</b> [mɪrɪschən]	<b>Briseann</b> [brɪschən]	Ní <b>bhriseann</b> [vrɪschən]
		Z	An <b>mbrisfidh</b> [mɪrɪfɪ]	<b>Brisfidh</b> [brɪfɪ]	Ní <b>bhrisfidh</b> [vrɪfɪ]
lesen	léigh (g)	V	Ar <b>léigh</b> [leej]	<b>Léigh</b> [leej]	Níor <b>léigh</b> [leej]
	léamh (vn)	G	An <b>léann</b> [leeən]	<b>Léann</b> [leeən]	Ní <b>léann</b> [leeən]
		Z	An <b>léifidh</b> [leeɸi]	<b>Léifidh</b> [leeɸi]	Ní <b>léifidh</b> [leeɸi]
nehmen (take, lift)	tóg (g)	V	Ar <b>thóg</b> [hoog]	<b>Thóg</b> [hoog]	Níor <b>thóg</b> [hoog]
	tógáil (vn)	G	An <b>dtógann</b> [doogən]	<b>Tógann</b> [toogən]	Ní <b>thógann</b> [hoogən]
		Z	An <b>dtógfaidh</b> [doogɸi]	<b>Tógfaidh</b> [toogɸi]	Ní <b>thógfaidh</b> [hoogɸi]
reinigen, säubern	glan (g)	V	Ar <b>ghlan</b> [chrlan]	<b>Ghlan</b> [chrlan]	Níor <b>ghlan</b> [chrlan]
	glanadh (vn)	G	An <b>nghanann</b> [nɣlanən]	<b>Glanann</b> [ɣlanən]	Ní <b>ghlanann</b> [chrlanən]
		Z	An <b>nghanfaidh</b> [nɣlanɸi]	<b>Glanfaidh</b> [ɣlanɸi]	Ní <b>ghlanfaidh</b> [chrlanɸi]
rennen	rith (g)	V	Ar <b>rith</b> [ri!]	<b>Rith</b> [ri!]	Níor <b>rith</b> [ri!]
	ritheacht (vn)	G	An <b>ritheann</b> [rɪbən]	<b>Ritheann</b> [rɪbən]	Ní <b>ritheann</b> [rɪbən]
		Z	An <b>rithfidh</b> [rɪɸi]	<b>Rithfidh</b> [rɪɸi]	Ní <b>rithfidh</b> [rɪɸi]
schauen (look)	féach (g)	V	Ar <b>fhéach</b> [erch]	<b>D'fhéach</b> [derch]	Níor <b>fhéach</b> [erch]
	féachaint (vn)	G	An <b>bhféachann</b> [vɛrchən]	<b>Féachann</b> [fɛrchən]	Ní <b>fhéachann</b> [erchən]
		Z	An <b>bhféachfaidh</b> [vɛrchɸi]	<b>Féachfaidh</b> [fɛrchɸi]	Ní <b>fhéachfaidh</b> [erchɸi]
schließen	dún (g)	V	Ar <b>dhún</b> [chuum]	<b>Dhún</b> [chuum]	Níor <b>dhún</b> [chuum]
	dúnadh (vn)	G	An <b>ndúnann</b> [nuunən]	<b>Dúnann</b> [duunən]	Ní <b>dhúnann</b> [chuumən]
		Z	An <b>ndúnfaidh</b> [nuunɸi]	<b>Dúnfaidh</b> [duunɸi]	Ní <b>dhúnfaidh</b> [chuumɸi]

schreiben	scríobh <i>[schkriiv]</i>	(g)	V	Ar scríobh <i>[schkriiv]</i>	Scríobh <i>[schkriiv]</i>	Níor scríobh <i>[schkriiv]</i>
	scríobh <i>[schkriiv]</i>	(vn)	G	An scríobhann <i>[schkriivən]</i>	Scríobhann <i>[schkriivən]</i>	Ní scríobhann <i>[schkriivən]</i>
			Z	An scríobhfaidh <i>[schkriivi]</i>	Scríobhfaidh <i>[schkriivi]</i>	Ní scríobhfaidh <i>[schkriivi]</i>
setzen, legen, stellen (put)	cuir <i>[kuir]</i>	(g)	V	Ar chuir <i>[chuir]</i>	Chuir <i>[chuir]</i>	Níor chuir <i>[chuir]</i>
	cur <i>[kur]</i>	(vn)	G	An gcuireann <i>[guirən]</i>	Cuireann <i>[kuirən]</i>	Ní cuireann <i>[chuirən]</i>
			Z	An gcuirfidh <i>[guirfi]</i>	Cuirfidh <i>[kuirfi]</i>	Ní chuirfidh <i>[chuirfi]</i>
trinken	ól <i>[ool]</i>	(g)	V	Ar ól <i>[ool]</i>	D'ól <i>[dool]</i>	Níor ól <i>[ool]</i>
	ól <i>[ool]</i>	(vn)	G	An ólann <i>[oolən]</i>	Ólann <i>[oolən]</i>	Ní ólann <i>[oolən]</i>
			Z	An ólfaidh <i>[oolfi]</i>	Ólfaidh <i>[oolfi]</i>	Ní ólfaidh <i>[oolfi]</i>
verstehen	tuig <i>[tig]</i>	(g)	V	Ar thuig <i>[big]</i>	Thuig <i>[big]</i>	Níor thuig <i>[big]</i>
	tuisceant <i>[tischkinta]</i>	(vn)	G	An dtuigeann <i>[digən]</i>	Tuigeann <i>[tigən]</i>	Ní thuigeann <i>[bigən]</i>
			Z	An dtuigfidh <i>[digfi]</i>	Tuigfidh <i>[bigfi]</i>	Ní thuigfidh <i>[bigfi]</i>
zuhören (listen)	éist <i>[escht]</i>	(g)	V	Ar éist <i>[escht]</i>	D'éist <i>[descht]</i>	Níor éist <i>[escht]</i>
	éisteacht/ <i>[eschtach]</i>	(vn)	G	An éistann <i>[eschtæn]</i>	Éistann <i>[eschtæn]</i>	Ní éistann <i>[eschtæn]</i>
			Z	An éistfaidh <i>[eschtfi]</i>	Éistfaidh <i>[eschtfi]</i>	Ní éistfaidh <i>[eschtfi]</i>

## Regeln für die Bildung der Formen:

### Vergangenheit

- Positive Aussage:
- Lenition der Grundform, soweit möglich (dún → dhún)
  - Führt die Lenition der Grundform zu einem stimmlosen Laut (d. h., wird zu Beginn ein Vokal gesprochen), so wird zusätzlich **d'** davor gesetzt (féach → **d'fhéach**)
  - beginnt das Verb mit einem Vokal, so wird **d'** davor gesetzt (ól → **d'ól**)
- Negative Aussage
- Níor + soweit möglich, Lenition der Grundform (dún → **Níor dhún**)
- Frage
- Ar + Lenition der Grundform (dún → **Ar dhún**)

### Gegenwart

- Positive Aussage
- Lautet der letzte Vokal des Wortes a, e, o oder u, so wird an die Grundform **ann** gehängt (dún → dún**ann**)
  - Lautet der letzte Vokal des Wortes i, so wird an die Grundform **eann** gehängt (rith → rith**eann**)
- Negative Aussage
- Ní + Lenition der positive Aussage (dúnann → **Ní dhúnann**)
- Frage
- An + Eclipse der positiven Aussage (dúnann → **An ndúnann**)

### Zukunft

- Positive Aussage
- Lautet der letzte Vokal des Wortes a, e, o oder u, so wird an die Grundform **faidh** gehängt (dún → dún**faidh**).
  - Lautet der letzte Vokal des Wortes i, so wird an die Grundform **fidh** gehängt (rith → rith**fidh**).
- Negative Aussage
- Ní + Lenition der positiven Aussage (dúnfaidh → **Ní dhúnfaidh**)
- Frage
- An + Eclipse der positiven Aussage (dúnfaidh → **An ndúnfaidh**)
- An → Eclipse
  - Ar, Níor, Ní → Lenition

## Verkürzte Formen

- |               |                       |                  |                          |                      |
|---------------|-----------------------|------------------|--------------------------|----------------------|
| Vergangenheit |                       |                  | - ghlan muid             | → ... <b>amar</b>    |
|               |                       |                  | - rith muid              | → ... <b>eamar</b>   |
| Gegenwart     | - glan <b>ann</b> mé  | → ... <b>aim</b> | - glan <b>ann</b> muid   | → ... <b>aimid</b>   |
|               | - rithe <b>ann</b> mé | → ... <b>im</b>  | - rithe <b>ann</b> muid  | → ... <b>imid</b>    |
| Zukunft       |                       |                  | - glan <b>faidh</b> muid | → ... <b>faimid</b>  |
|               |                       |                  | - rith <b>fidh</b> muid  | → ... <b>fidimid</b> |

**Achtung:** In der Vergangenheit fällt ...**igh** am Wortende fort, léigh wird zu lé**amar**

**Übungen:**

Léamar an páipéar inné le chéile.  
 D'ólamar a lán Guinness an mhí seo caite.  
 Ghlan siad a chistin an bhliain seo caite.  
 An Déardaoin seo caite bhriseamar fuinneog an tí.

Wir lasen gestern gemeinsam die Zeitung  
 Ich trank letzten Monat eine Menge Guinness  
 Letztes Jahr reinigten sie die Küche.  
 Letzten Donnerstag zerbrachen wir das Hausfenster.

**Scéal 1: Aimsir Chaite – Vergangenheit:**

An Satharn seo caite thóg Máire an páipéar agus léigh sí é. Dhún sí é ansin. Rith sí isteach sa chistin agus d'ól sí cupán tae. Ghlan sí an chistin. Bhris sí cupán. Scríobh sí litir chuig a haintín. D'fhéach sí ar an teilifís ar feadh tamaill.

Letzten Samstag nahm Máire die Zeitung und sie las sie. Dann schloss sie sie. Sie rannte in die Küche hinein und sie trank eine Tasse Tee. Sie reinigte die Küche. Sie zerbrach eine Tasse. Sie schrieb einen Brief an ihr Tantchen. Sie sah eine Zeitlang Fernsehen.

**Scéal 1: Aimsir Láithreach – Gegenwart:**

Gach Satharn tógann Máire an páipéar agus léann sí é. Dúnann sí é ansin. Ritheann sí isteach sa chistin agus ólann sí cupán tae. Glanann sí an chistin. Briseann sí cupán. Scríobhann sí litir chuig a haintín. féachann sí ar an teilifís ar feadh tamaill.

